
# An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí




## AICMÍ DÁMHACHTAINÍ

- **Mórdhámhachtainí:** is iad na dámhachtainí seo, atá tugtha sna fáinní lasmuigh, an phríomhaicme dámhachtainí a dhéantar ar leibhéal ar bith
- ▲ **Miondámhachtainí:** bronntar iad seo as toradh le haghaidh Mórdhámhachtana a bhaint amach go páirteach
- ■ **Dámhachtainí Forlíontacha:** bronntar iad seo as foghlaim atá sa bhreis ar Mhórdhámhachtain
- ◆ **Dámhachtainí Sainchuspóra:** bronntar iad as foghlaim réasúnta cúng nó as foghlaim sainchuspóra
- ● **Dámhachtainí Gairmiúla:** bronntar iad mar cháilíochtaí gairmiúla, printíseachtaí ina measc

*Téigh chuig suíomh gréasáin NCCA, ncca.ie/ga/an-tsraith-shóisearach/

## CLÁR CÁILÍOCHTAÍ na hÉIREANN

**Gheofar tuilleadh eolais ar**

- Cáilíochtaí
- Soláthraithe
- Cúrsaí

**ag www.irq.ie**

Le tacaíocht ón gClár Erasmus+ de chuid an Aontais Eorpaigh

©QQI 2024

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
Quality and Qualifications Ireland

## DEARBHÚ CÁILÍOCHTA AGUS CÁILÍOCHTA ÉIREANN (QQI)

Is gníomhaireacht neamhspleách stáit é an QQI agus é freagrach as cáilíocht agus cuntasacht i gcúrsaí oideachais agus oiliúna in Éirinn a chur chun cinn. Is foras cáiliúcháin é an QQI, leis, agus tá cúram air as Creat Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann a chur chun cinn, a chothabháil agus a fhorbairt.

---

An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí

## AN CREAT NÁISIÚNTA CÁILÍOCHTAÍ (CNC)

In 2003 a bunaíodh an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí 10 leibhéal. Déantar cáilíochtaí a eagrú laistigh den Chreat bunaithe ar a leibhéal eolais, scile agus inniúlachta. Tá an CNC nasctha leis an gCreat Eorpach um Cháilíochtaí (EQF) agus le Creat Bologna. Aithnítear cáilíochtaí an CNC go hidirnáisiúnta.

---

## DEARBHÚ CÁILÍOCHTA

Tá cáilíocht gach cáilíochta atá sa CNC dearbhaithe ag forais cháiliúcháin aitheanta. Ina measc sin tá cáilíochtaí a bhronnann an Roinn Oideachais, ollscoileanna, ollscoileanna teicneolaíochta, institiúidí teicneolaíochta agus an QQI.

---

## MICRIDHINTIÚIR

Is slí iad micridhintiúir chun aitheantas a thabhairt do mhéideanna beaga foghlama i réimse topaice ar leith. Léiríonn micridhintiúir go bhfuil sraith scileanna ar leith sealbhaithe ag foghlaimeoir. Mar shampla: Dámhachtainí Sainchuspóra agus Dámhachtainí Forlíontacha.

---

Clár Cáilíochtaí na hÉireann

## CLÁR CÁILÍOCHTAÍ na hÉIREANN

In 2020 a seoladh Clár Cáilíochtaí na hÉireann. Is é seo an clár náisiúnta de na cáilíochtaí uile atá in CNC na hÉireann agus is é an QQI a bhainistíonn é. Gheofar sa Chlár eolas faoi sholáthraithe, a gcuid clár agus cáilíochtaí lena n-áirítear leibhéil den CNC agus den EQF.